Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2016/0131 (COD)**
**2016/0132 (COD)**
**2016/0133 (COD)**
**2016/0222 (COD)**
**2016/0223 (COD)**
**2016/0224 (COD)**
**2016/0225 (COD)**

**15057/1/17**
**REV 1**

**ASILE 95**
**ASIM 131**
**CSC 282**
**EURODAC 46**
**ENFOPOL 580**
**RELEX 1040**
**CODEC 1934**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8715/1/16 REV 1 ASILE 11 CODEC 613<br>11318/1/16 REV 1 ASILE 28 CODEC 1078<br>11316/16 ASILE 26 CODEC 1076 + ADD 1<br>11317/16 ASILE 27 CODEC 1077 + ADD 1 + ADD 2<br>8765/1/16 REV 1 ASILE 13 EURODAC 3 ENFOPOL 132 CODEC 630<br>8742/16 ASILE 12 CODEC 619<br>11313/16 ASIM 107 RELEX 650 COMIX 534 CODEC 1073 |
| Ábhar: | **Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar an Athshocrú**<br><br>**a) RialachánBhaile Átha Cliath**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (An chéad léamh)<br><br>**b) An Treoir maidir le Coinníollacha Glactha**: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (An chéad léamh)<br><br>**c) An Rialacháin Cáilitheachta**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (An chéad léamh)<br><br>**d) An Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (An chéad léamh)<br><br>**e) Rialachán Eurodac**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú)<br><br>**f) An Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (An chéad léamh)<br><br>**g) An Rialachán Réime maidir le hAthshocrú**: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat Athshocraíochta an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (An chéad léamh)<br><br>= Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

Ar an 4 Bealtaine agus an 13 Iúil 2016, thíolaic an Coimisiún seacht gcinn de thograí reachtacha arb é is aidhm dóibh athchóiriú a dhéanamh ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn. Áiríodh sa phacáiste sin athmhúnlú Rialachán Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Eurodac, togra le haghaidh Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a bhunú, togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann san Aontas Eorpach, togra le haghaidh Rialachán um Cháilíochtaí, athmhúnlú ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha agus togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Creat Athshocraithe Aontais.

Lean Uachtaránacht na hEastóine ar aghaidh leis an scrúdú ar na tograí thuasluaite, obair ar chuir Uachtaránacht na hÍsiltíre tús léi agus ar lean Uachtaránacht na Slóvaice agus Uachtaránacht Mhálta léi. Maidir leis an tuarascáil reatha ar dhul chun cinn, cuireann sí leis an tuarascáil roimhe seo, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an 13 Deireadh Fómhair, mar a leagtar amach in 12802/17.

## II. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

De bhun na n-iarrataí atá déanta arís agus arís eile ag an gComhairle Eorpach go ndéanfaí dul chun cinn ar bheartas an Aontais maidir le tearmann, agus mar bhreis ar an méid a baineadh amach faoi Uachtaránacht Mhálta, tá Uachtaránacht na hEastóine ag leanúint den phlé ar mhaithe le teacht ar thuilleadh den chomhréiteach i dtaca le comhaontú ina mbeidh an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, agus ina n-áirithítear go mbeidh ann an teacht aniar amach anseo tráth géarchéime. Sna teagmhálacha déthaobhacha leis na toscaireachtaí, d'fhéach Uachtaránacht na hEastóine leis an gcomhthoil a chomhdhlúthú i ndáil leis na pointí is mó cobhsaíocht agus stóinseacht i measc na dtoscaireachtaí, agus bonn coiteann a aimsiú a mhéid is féidir i dtaca leis na saincheisteanna sin nárbh fhéidir teacht ar chomhréiteach ina leith go fóill.

Le linn na gcomhairliúchán, spriocdhíríodh, i measc saincheisteanna eile, ar ghnéithe mionsonraithe na bpríomhbheart dlúthpháirtíochta (e.g. an tairseach le haghaidh bearta dlúthpháirtíochta a chur ar siúl, an uasteorainn fhoriomlán do leithdháiltí a leithdháileadh, comhdhéanamh an chomhthiomsaithe, etc.) i.e. ar na bearta sin a d'fhéadfaí a ghlacadh nuair a bheadh córas tearmainn an Bhallstáit faoi bhrú suntasach ón imirce.

Níl aon athrú tagtha ar chonclúid ghinearálta Uachtaránacht Mhálta: táthar ag dréim leis go mbainfear amach an chothromaíocht cheart in CEAS (arna leasú) idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht. Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit an *acquis* a chur chun feidhme go hiomlán. Ní mór an córas a bheith éifeachtach, go seachnófaí an tarraingteacht, agus go ndíspreagfaí gluaiseachtaí tánaisteacha; ba cheart dó an dlúthpháirtíocht a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, tráth a dteastóidh agus san áit a dteastóidh, go háirithe agus brú díréireach imirce ar Bhallstát.

Anuas ar an méid sin, den chuid is mó, bhí na Ballstáit ar aon fhocal nach mór gné na freagrachta agus na dlúthpháirtíochta a thuiscint i gcomhthéacs níos leithne. Ní mór go ndéanfadh gnéithe inmheánacha agus gnéithe seachtracha na mbeartas imirce agus tearmainn comhlánú ar a chéile d'fhonn géarchéim a sheachaint arbh é ba bhonn leis go dtiocfadh isteach i mBallstáit an Aontais mórphlódú de náisiúnaigh tríú tír nó de dhaoine gan stát. Ní mór go bhfeidhmeodh nósanna imeachta tearmainn agus fillte an Aontais go tapa agus go héifeachtach, go háirithe i gcás ina dtagann duine as an tríú tír agus í a bheith sábháilte nó i gcás inar léir gan bunús dá laghad a bheith lena bhfuil á áitiú ag duine, rud a tharlaíonn nuair is as tír thionscnaimh atá sábháilte a thagann siad chugainn. Ina theannta sin, ní hamháin gur cuid de chóras lánfheidhmiúil bainistithe imirce go gcuirfí daoine ar ais go héifeachtach ach is gné lárnach sin freisin má táthar le bheith in ann cumarsáid go hinchreidte leo siúd nach bhfuil i gcall na cosanta idirnáisiúnta ach a bheadh ag cuimhneamh ar dhul ar imirce agus a bheadh ar tí tabhairt faoi aistear dainséarach trasna na Meánmhara.

Mar a leagadh amach i gconclúidí an 19 Deireadh Fómhair 2017[1], tá rún ag an gComhairle Eorpach filleadh ar an ábhar seo ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag, agus féachaint le teacht ar chomhdhearcadh sa chéad leath de 2018.

[1] EUCO 14/17

## III. AN TREOIR MAIDIR LE COINNÍOLLACHA GLACTHA

Is í an Mheitheal um Thearmann a rinne an scrúdú tosaigh ar an togra maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha agus, ó mhí Iúil na bliana seo, is ar Chomhairleoirí CGB atá an cúram sin. Thíolaic an Uachtaránacht moltaí comhréitigh i dtaca leis an gcuid ba chonspóidí de na saincheisteanna, go háirithe i dtaca leis na forálacha a bhaineann leis na bearta darb aidhm gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc, lena n-áirítear sainchónaí a shannadh, rochtain ar mhargadh an tsaothair, agus coinníollacha glactha ábhartha a laghdú agus a tharraingt siar, mar aon leis na forálacha maidir le mionaoisigh gan tionlacan. Tá éirithe go geal leis an straitéis sin agus, ag an gcruinniú a bhí ag COREPER an 29 Samhain 2017, tugadh sainordú don Uachtaránacht (agus tacaíocht fhorleathan ag dul leis) chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Beidh an chéad idirphlé trípháirteach ar siúl ar an 12 Nollaig 2017.

## IV. AN RIALACHÁN UM CHÁILITHEACHTAÍ

Faoi Uachtaránacht na hEastóine, fuarthas sainordú páirteach le dul chun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa in COREPER ar an 19 Iúil 2017. Ar an 29 Samhain 2017, chomhaontaigh COREPER (agus tacaíocht d'aon toil leis, nach mór) síneadh a chur leis an sainordú sin agus sainmhíniú ar 'baill teaghlaigh' a chur ann. De thuras na huaire, ní bhactar leis na forálacha sin ina bhfuil crostagairtí do thograí eile de chuid phacáiste CEAS a áireamh sa sainordú. Ní mór tuilleadh plé a dhéanamh i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ar an Iarscríbhinn nua, ina bhfuil an fhaisnéis a thabharfar dóibh siúd dá dtairbheoidh an chosaint idirnáisiúnta; dá bhrí sin, níl sí san áireamh fós sa sainordú.
Leanfaidh Uachtaránacht na hEastóine dá dua teacht ar chomhaontú leis an Iarscríbhinn sin.

I mí Mheán Fómhair 2017 a thosaigh an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Trí idirphlé trípháirteach a tharla go dtí seo gan trácht ar chruinnithe teicniúla. Táthar ag súil go mbeidh an ceathrú cruinniú tríthaobhach ar siúl ar an 12 Nollaig. Cuireadh béim sa phlé tosaigh sin, *inter alia*, ar na saincheisteanna íogaire seo a leanas: comhfhogasú an dá stádas (stádas an dídeanaí agus stádas an té dár thairbhigh an chosaint choimhdeach), fad na gceadanna cónaithe, rogha na cosanta inmheánaí gona cur i bhfeidhm, cineál éigeantach an athbhreithnithe ar stádas, agus an fhéidearthacht a bhíonn ag tairbhí cosanta idirnáisiúnta fanacht ar chríoch an Bhallstáit ar feadh trí mhí tar éis an stádas a aistarraingt ar bhonn scoir ("tréimhse chairde"). Maidir leis na gnéithe sin, tá seasaimh na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa an-éagsúil óna chéile agus, dá bharr sin, chuaigh an chaibidlíocht ar aghaidh ag ráta níos moille ná mar a tuaradh, gan aon chomhréitigh nithiúla comhaontaithe maidir leis na saincheisteanna is tábhachtaí.

Is é aidhm na hUachtaránachta an plé a bhrú ar aghaidh le Parlaimint na hEorpa a mhéid is féidir faoi dheireadh a téarma. Mar sin féin, ní mór leanúint ar aghaidh leis an bplé faoi Uachtaránacht na Bulgáire.

## V. AN RIALACHÁN UM NÓSANNA IMEACHTA

Chuir Uachtaránacht na hEastóine bailchríoch ar an gcéad scrúdú ar an togra iomlán i ndáil le Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn ag tús mhí Mheán Fómhair. Rinneadh an dara babhta den scrúdú, ag ar phléigh an Mheitheal um Thearmann tograí comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht, a chríochnú ag tús mhí na Nollag.

I mí an Mheithimh 2017, thug an Chomhairle Eorpach sainordú soiléir don Chomhairle an togra ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn a ailíniú, a mhéid a bhain le coincheap na tríú tíre sábháilte, le ceanglais éifeachtacha Choinbhinsiún na Ginéive agus le dlí príomha an Aontais. D'fhonn an dóigh is fearr a shainaithint chun an sainordú seo a chomhlíonadh, bhí díospóireacht bheartais maidir leis an tsaincheist sin in SCIFA (an Coiste Straitéiseach um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann) (28 Meán Fómhair 2017). Ar an iomlán, ba é meas na mBallstát go raibh na dréachtmholtaí comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht i dtaca leis na forálacha um choincheap na tíre sábháilte ag teacht leis an sainordú. Mar sin féin, teastóidh tuilleadh plé maidir leis an tsaincheist seo má táthar le comhaontú iomlán a chur i gcrích.

## VI. RIALACHÁN EURODAC

I mí Mheán Fómhair 2017, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach faoi Rialachán Eurodac a athmhúnlú, bunaithe ar an sainordú (arna shíneadh) a comhaontaíodh ag an gcruinniú a bhí ag COREPER ar an 15 Meitheamh 2017 agus ar an vóta a chaith an coiste LIBE ar an 30 Bealtaine 2017. Trí idirphlé tríthaobhach a bhí ann go dtí seo agus ceann amháin eile beartaithe sula dtaga deireadh leis an Uachtaránacht reatha. Cé go rabhthas in ann teacht ar aon fhocal i measc na gcomhreachtóirí maidir leis an gcuid is mó d'fhorálacha an Rialacháin athmhúnlaithe, tá an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa fós ar mhalairt tuairime maidir le fad na tréimhse a stórálfar a sonraí siúd a dhéanann iarratas ar thearmann. Bhain deacracht freisin, agus an chaibidlíocht ar bun, le teacht ar aon fhocal maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na hoibleagáide maidir le sonraí bithmhéadracha a chur ar fáil. Leanfar de na saincheisteanna sin atá fós gan réiteach a phlé agus, más féidir, déanfar iad a chomhaontú ag an gcruinnithe trípháirteach a bheidh ar siúl ar an 12 Nollaig. Ina theannta sin, d'fhonn clabhsúr a chur ar an sainordú caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa maidir lena sonraí siúd a athlonnaítear a áireamh in Eurodac, tá súil ag an Uachtaránacht na modhnuithe ábhartha a chur faoi bhráid COREPER lena bhformheas sula dté a théarma in éag.

## VII. RIALACHÁN EUAA

Tar éis an chomhaontaithe maidir le cur chuige ginearálta páirteach sa Chomhairle ar an 20 Nollaig 2016, chuir Uachtaránacht Mhálta tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i mí Eanáir 2017. Mar thoradh ar shraith cruinnithe teicniúla agus cruinnithe tríthaobhacha, tháinig Uachtaránacht Mhálta ar chomhaontú, le linn an chruinnithe thríthaobhaigh ar an 28 Meitheamh, maidir le téarmaí achtacháin an téacs. Tá Uachtaránacht na hEastóine ag treabhadh léi i gcónaí, ar an leibhéal teicniúil, d'fhonn aithrisí an téacs a ailíniú le corp an togra, agus í tagtha ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa i dtaobh na saincheiste. Ar an 6 Nollaig, thug COREPER dá aire an comhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa maidir le téacs iomlán an togra a fhormheas, cé is moite den téacs sin atá idir lúibíní cearnacha agus a thagraíonn do na tograí eile maidir le CEAS. Bhí roinnt Ballstát in ann a ngealltanais maidir leis an díorma cúltaca um thearmainn ina bhfuiltear ag súil go mbeidh 500 saineolaí de réir an togra, a mhéadú.

## VIII. <u>AN RIALACHÁN MAIDIR LE HATHSHOCRÚ</u>

Choinnigh Comhairleoirí CGB orthu leis an bplé maidir leis an Rialachán um Chreat Athlonnaithe faoi Uachtaránacht na hEastóine agus scrúdaigh siad na dréachtmholtaí comhréitigh ar an 18 Meán Fómhair, an 3 Deireadh Fómhair agus an 7 Samhain. Ar an 15 Samhain, thug COREPER sainordú (d'aon toil) d'Uachtaránacht na hEastóine chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

Is don athlonnú amháin, mar phríomhionstraim chun náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a ligean isteach, a rinneadh foráil sa togra ón gCoimisiún. Tugtar san áireamh sa téacs a comhaontaíodh le Parlaimint na hEorpa formhór na n-ábhar imní a tharraing na Ballstáit anuas; is fearrde a sholúbthacht mar go bhfolaítear ann freisin an ligean isteach ar bhonn daonnúil. Ag cur san áireamh an imní a chuir roinnt de na toscaireachtaí in iúl go minic, léirítear go soiléir sa téacs cineál deonach an athlonnaithe.

Tharla an chéad bhabhta den idirphlé trípháirteach le Parlaimint na hEorpa ar an 13 Nollaig. Leanfaidh Uachtaránacht na Bulgáire leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhad seo le linn an chéad seimeastair de 2018.

## IX. <u>CONCLÚID</u>

Iarrtar <u>ar COREPER agus ar an gComhairle</u> an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire.